**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024***

# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***


***Dé hAoine, 14 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:30***

***(a)*** *Freagair **ceithre** cheist **ar bith**.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar na líníochtaí.*

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**1.** Taispeántar sa sceitse cuid den sceimheal ar dhíon claonta ina bhfuil rachtaí trusáilte réamhdhéanta. Tá an díon á iompar ar bhlocbhalla coincréite 400 mm ina bhfuil cuas láninslithe. Tá claonadh 30° sa díon agus tá na rachtaí trusáilte 200 mm × 40 mm. Tá na sclátaí feistithe de chaolaigh 50 mm × 30 mm, ar scannán sceite.
Tá an díon ardinslithe ag leibhéal na ngiarsaí síleála.



**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach trí bhalla seachtrach an tí agus trí sceimheal an dín trusáilte. Taispeáin ar do líníocht na sonraí tipiciúla tógála ó leibhéal atá 400 mm faoi bhun an mhaide balla, tríd an mballa agus trí sceimheal an dín. Bíodh na chéad trí chúrsa sclátaí ag an sceimheal san áireamh.
Bíodh **trí** thoise thipiciúla san áireamh ar do líníocht.

**(b)** Taispeáin ar an líníocht conas a dhaingnítear an maide balla ar an mballa seachtrach.

**2.** Is mian le húinéirí nua tí feabhas a chur ar Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh *(*BER *i mBéarla)* a dtí, a tógadh breis is 30 bliain ó shin. Is blocbhalla coincréite é an balla seachtrach, a bhfuil cuas páirt-inslithe ann. Tá sé beartaithe insliú a chur le dromchlaí inmheánacha na mballaí seachtracha agus fuinneoga nua a chur isteach.



**(a)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (BER) tí a fheabhsú.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe agus taispeáin modh oiriúnach **amháin** le córas inslithe a chur le dromchla inmheánach na mballaí.
Taispeáin ar do sceitse conas bailchríoch inmheánach chuí a chur leis an mballa.
Ainmnigh an saghas inslithe atá le húsáid agus scríobh síos a tiús.

**(c)** Pléigh **dhá** chúis a moltar na ballaí seachtracha agus na fuinneoga a uasghrádú ag an am céanna.

**3.** Taispeántar sa sceitse seomra folctha agus limistéar chithfholcadáin atá oiriúnach do dhuine a bhfuil luaineacht theoranta aige/aici.

**(a)** Bain úsáid as sceitse aonlíneach lipéadaithe agus taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun uisce te agus uisce fuar a sholáthar do chithfholcadán measctha agus do bháisín níocháin, agus chun uisce fuar a sholáthar do shistéal leithris.

Bíodh na nithe seo a leanas sa léaráid agat:

- príomhphíobán ardaitheach
- an umar stórála inslithe don uisce fuar
- an sorcóir don uisce te
- an phíbobair go dtí na feistis sa seomra folctha
- na comhlaí riachtanacha uile.



**(b)** Pléigh **dhá** ghné nach mór a chur san áireamh chun a chinntiú go bhfuil limistéar an chithfholcadáin oiriúnach do dhuine a bhfuil luaineacht theoranta aige/aici.

4. Taispeántar sa sceitse balla isteach tosaigh agus cabhsa atá á dtógáil. Is blocbhalla coincréite 215 mm é an balla isteach agus tá cloch nádúrtha 200 mm mar bhailchríoch ar thaobh amháin de.


(a) Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bailchríoch de chloch nádúrtha a roghnú don bhalla isteach.

(b) Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe agus taispeáin na sonraí tipiciúla dearaidh le haghaidh dúshraith stráice a bheadh oiriúnach don mballa seo.
Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:
- dúshraith stráice
- treisiú cruach
- suíomh an bhalla ar an dúshraith
- toisí tipiciúla na dúshraithe.



(c) Mol bailchríoch dhromchla a bheadh oiriúnach don cabhsa agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

5. Tá fuinneog le fráma adhmaid, a bhfuil gloiniú triarach ann, feistithe de bhlocbhalla seachtrach 400 mm, agus tá cuas láninslithe ann. Tá an balla rindreáilte ar an dá thaobh. Tá fráma feistithe na fuinneoige 120 mm × 80 mm agus tá bristeacha teirmeacha ann.



(a) De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus trí bhun na fuinneoige. Taispeáin ar do líníocht na sonraí tipiciúla tógála ó leibhéal atá 400 mm faoi bhun go leibhéal atá 300 mm os cionn na leice coincréite.

Bíodh **trí** thoise thipiciúla san áireamh ar do líníocht.

(b) Taispeáin ar do líníocht conas a chuirfí cosc le taise teacht isteach ag leac na fuinneoige.

6. Taispeántar sa sceitse dumpaire ar an láithreán á oibriú ar láithreán tógála.


(a) Déan cur síos ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór don tiománaí cloí leo nuair a bhíonn sé/sí ag oibriú dumpaire ar an láithreáin.

(b) Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe agus taispeáin **trí** phíosa de threalamh cosanta pearsanta (*PPE* i mBéarla) nach mór d'oibrithe a chaitheamh agus iad ag oibriú feithiclí tógála. Luaigh cúis shonrach **amháin** ar cóir gach píosa trealaimh cosanta pearsanta a chaitheamh.



(c) Luaigh **dhá** chúis nach mór d'oibreoirí feithiclí tabhairt faoi chúrsa traenála ar leith roimh dóibh feithicil a oibriú ar láithreán tógála.

**7.** Taispeántar dréacht-dhearadh le haghaidh athoiriúnú áiléir, a bhfuil seomra leapa agus seomra folctha en suite san áireamh ann. Tá suíomh an staighre, an tseomra folctha en suite agus an dorais san áireamh.



**(a)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le seomra leapa a dhéanamh i spás an áiléir.

**(b)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den dearadh a thugtar agus taispeáin an suíomh is rogha leat do **gach** ceann díobh seo a leanas i seomra leapa an áiléir:

- rochtain don en suite
- leaba dhúbailte
- aonad stórála éadaí
- spás staidéir.

Tabhair fáth **amháin** le **gach** suíomh a roghnaigh tú.


**(c)** Mol clúdach urláir a bheadh oiriúnach don seomra leapa agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- fógra pleanála láithreáin
- soilsiú cliste
- gaiste lintéir
- leathalt
- druilire gan sreang
- dúntóir cuais
- deileadh pláta fásála
- sraithadhmad
- teaschaidéal.

**9.** Taispeántar sa sceitse an cúl de theach nua-aimseartha leathscoite agus seomra teaghlaigh mar shíneadh leis. Tá bailchríoch sheachtrach de chumhdach since ar bhallaí agus ar dhíon an tseomra teaghlaigh.

**(a)** Pléigh **dhá** chúis a bhfuil sinc oiriúnach mar ábhar cumhdaigh do thithe nua-aimseartha.



**(b)** Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe agus taispeáin **dhá** athrú ar an seomra teaghlaigh a cheadódh na nithe seo a leanas:

- breis solas nádúrtha
- rochtain ar an ngairdín cúil.

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste do mhuintir an tí a bhaineann le rochtain a sholáthar ar an ngairdín cúil ón seomra teaghlaigh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024**
**Leaving Certificate Examination, 2024**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 1 / Lá 1*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Awards Display
# Seastán Duaiseanna





End View/Taobhchló





Elevation/Aghaidhchló




Plan/Bonnchló





Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Awards Display**
**Seastán Duaiseanna**



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024**
**Leaving Certificate Examination, 2024**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 2 / Lá 2*

| | |
|---|---|
| ***Duration:*** | ***4:00 hours*** |
| ***Fad:*** | ***4:00 uair an chloig*** |


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.


**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.

# Awards Display
# Seastán Duaiseanna





Shaping of the edges **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** na corra a chríochnú.



Slope of dovetail: 1:6


Claonadh an déid: 1:6



Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

## Awards Display
## Seastán Duaiseanna



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024**
**Leaving Certificate Examination, 2024**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 3 / Lá 3*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Awards Display
# Seastán Duaiseanna





Elevation/Aghaidhchló




End View/Taobhchló





Plan/Bonnchló



Shaping of the edges **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** na corra a chríochnú.




Slope of dovetail: 1:6

Claonadh an déid: 1:6

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Awards Display**
**Seastán Duaiseanna**



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.